

An Bhruiséil, 10 Iúil 2026  
(OR. en)

10469/1/26  
REV 1  
PV CONS 37  
TRANS 417  
TELECOM 313  
ENER 394  
*PARLNAT*

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**  
COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH  
(Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh)  
8 agus 9 Meitheamh 2026

## **CRUINNÍÚ DÉ LUAIN, AN 8 MEITHEAMH 2026**

### **1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 9799/26.

### **2. Formheas na míreanna ‘A’**

#### **(a) Liosta neamhrechtach**

9904/26

Ghlac an Chomhairle gach mír ‘A’ a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tiolacadh lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín.

#### **(b) Liosta reachtach (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

9906/26 + COR 1

## **Gnóthaí Eachtracha**

### **1. Athbhreithniú ar an Rialachán maidir le scagadh infheistíochtaí coigríche**



9644/26 + ADD 1  
PE-CONS 10/26  
POLCOM

*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

a d’fhormheas Coreper, Cuid 2, an 3.6.2026

D’fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagail 114 agus 207(2) CFAE).

Leagtar amach ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún san Iarscríbhinn.

### **2. Rialachán lena dtugtar aghaidh ar éifeachtaí na ró-acmhainneachta domhanda ar mhargadh cruach an Aontais**



9645/1/26 REV 1 +  
ADD 1 + ADD 2  
REV 2  
PE-CONS 23/26/ +  
COR 1  
POLCOM

*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

a d’fhormheas Coreper, Cuid 2, an 3.6.2026

D’fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 207(2) CFAE), agus an Eastóin ag vótáil ina choinne agus an Phortaingéil ag staonadh ón vótáil.

Leagtar amach san Iarscríbhinn ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún, ón Eastóin, ón Laitvia agus ón Liotuáin, agus ón Danmhairg, ón Eastóin, ó Laitvia, ón Liotuáin, ón bhFionlainn agus ón tSualainn.

### **Ceartas agus Gnóthaí Baile**

3. **Treoir lena leasaítear Treoir 2012/29/AE a mhéid a bhaineann le cearta íospartach**  
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*  
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 3.6.2026

 9646/26 + ADD 1-2  
PE-CONS 11/26  
JAI

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 82(2)(c) CFAE), agus Málta agus an tSlóvaic ag staonadh ón vótáil.

I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac an Danmhairg páirt sa vótáil.

Leagtar amach san Iarscríbhinn ráitis ón Ungáir, ón Iodáil, ó Mhálta, ón tSlóvaic agus ón bPortaingéil.

### **IOMPAR**

#### **Plé reachtach**

**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

Talamh

3. **Rialachán maidir le feithiclí corparáideacha glana**  
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

 8947/26

Thug an Chomhairle dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn.

## **Gníomhaíochtaí neamhrechtacha**

- |    |                                                                                              |                                                         |
|----|----------------------------------------------------------------------------------------------|---------------------------------------------------------|
| 4. | Iarrachtaí dícharbónaithe in earnáil an iompair tar éis 2030<br><i>Seisiún tuairimíochta</i> | 9380/26 + COR 1                                         |
| 5. | Conclúidí maidir le straitéis mhuirí thionsclaíoch<br>an Aontais Eorpaigh<br><i>Formheas</i> | 9700/26<br>+ ADD 1 REV 1<br>+ ADD 1 REV 1<br>COR 1 (en) |
| 6. | Conclúidí maidir le Straitéis Eorpach um Chalafoirt<br><i>Formheas</i>                       | 9714/26                                                 |

## **Aon ghnó eile**

- |    |                                                                                                                                                                                                                                                               |                                                                                                     |
|----|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------|
| 7. | (a) <b>Simpliú agus luathú na nósanna imeachta maidir le<br/>deimhniú agus údarú ar chórais iarnróid ar leibhéal<br/>an Aontais chun dlús a chur le himscaradh an Chórais<br/>Eorpaigh um Bainistiú Tráchtá Iarnróid (ERTMS)</b><br><i>Faisnéis ón nGréig</i> |  9763/1/26 REV 1 |
|----|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------|

Thug an Chomhairle dá haire freisin an fhaisnéis a chuir an Ghréig ar fáil, le tacaíocht ón Ostair, ón tSeicia, ón Ungáir, ón Iodáil, ó Lucsamburg, ón bPortaingéil agus ón Rómáin.

- |                                                                                                                                                                                                        |                                                                                               |
|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------|
| (b) <b>Úsáid an Chórais Eorpaigh um Bainistiú Tráchtá Iarnróid (ERTMS) a dhíghlasáil: Tús áite don<br/>Chobhsaíocht, don tSimplíocht agus don<br/>Idir-inoibritheacht</b><br><i>Faisnéis ón mBeilg</i> |  9556/26 |
|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------|

Thug an Chomhairle dá haire freisin an fhaisnéis a chuir an Bheilg ar fáil, le tacaíocht ón Ostair, ó Phoblacht na Seice, ón Eastóin, ón Ungáir, ó Lucsamburg, ón Ísiltír, ón bPortaingéil, ón Rómáin agus ón tSualainn.

Chuir an tSlóvaic in iúl ó bhéal go dtacaíonn sí leis an tionscnamh agus d'iarr sí go gclárófaí é i miontuairiscí na Comhairle.

- |                                                                                                                                                                                                    |                                                                                                       |
|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| (c) <b>Iomaíochas an Iompair Lasta Iarnróid Eorpaigh</b><br><i>Faisnéis ón Ostair, ón mBeilg, ón gCróit, ón tSeicia,<br/>ón nGréig, ón Ungáir, ón bPortaingéil, ón Rómáin agus<br/>ón tSlóvaic</i> |  9903/1/26 REV 1 |
|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------|

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ostair, an Bheilg, an Chróit, an tSeicia, an Ghréig, an Ungáir, an Phortaingéil, an Rómáin agus an tSlóvaic ar fáil.

**(d) Cur chuige straitéiseach do thionscal iarnróid na hEorpa**

 10057/1/26 REV 1

*Faisnéis ón Ostair, ón gCróit, ón bhFrainc,  
ón nGearmáin, ón nGréig, ón Iodáil, ó Lucsamburg,  
ón bPolainn, ón bPortaingéil agus ón Rómáin*

Thug an Chomhairle dá haire freisin an fhaisnéis a chuir an Ostair, an Chróit, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig an Iodáil, Lucsamburg, an Pholainn, an Phortaingéil agus an Rómáin ar fáil.

**(e) Iomaíochas thionscal iarnróid an Aontais**

 9748/1/26 REV 1

*Faisnéis ón gCróit, ón bPortaingéil agus ón Spáinn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Chróit, an Phortaingéil agus an Spáinn ar fáil.

Chuir an Rómáin in iúl ó bhéal go dtacaíonn sí leis an tionscnamh agus d'iarr sí go gclárófaí é i miontuairiscí na Comhairle.

**(f) Cur i láthair an séú tuarascáil ar an dul chun cinn i ndáil leis an ardán um Iompar Idirnáisiúnta Paisinéirí d'Iarnród**

 9753/26

*Faisnéis ón Ostair agus ón Ísiltír*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ostair agus an Ísiltír ar fáil.

**(g) Tograí reachtacha reatha (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**Pacáiste um Paisinéirí**  
*Faisnéis ón gCoimisiún*

  9306/26  
9313/26 + ADD 1-2  
9348/26

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

**(h) Tionscnamh Tástála Trasteorann Mórsála an Aontais le haghaidh feithiclí uathrialaitheacha**  
*Faisnéis ón gCoimisiún*

 9848/26

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

- (i) **An Tionscnamh maidir le Conair Iompair Ghlain** [2] 9862/26  
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

- (j) An ghéarchéim sa Mheánoirthear: bearta comhordúcháin agus freagartha in earnáil an iompair – obair leantach ar chruinniú físchomhdhála na n-airí iompair an 21 Aibreán 2026  
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

- (k) **Tograí reachtacha reatha (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

- (i) **Rialachán maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata** [1][C] 15793/25  
15794/25 + ADD 1

- (ii) **Rialachán maidir le cearta aerphaisinéirí** [C] 7615/13

- (iii) **Rialachán maidir le forfheidhmiú ceart paisinéirí san Aontas** [1][C] 16284/23 + ADD 1

- (iv) **Treoir lena leasaítear Treoir 96/53/CE ón gComhairle lena leagtar síos na toisí údaráithe uasta agus na meáchain údaráithe uasta le haghaidh feithiclí bóthair áirithe** [1][C] 11722/23 + ADD 1

- (v) **An Treoir lena leasaítear Treoir 1999/62/CE (Eoraifínéad)** [1][C] 13259/25 + ADD 1  
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

- (l) **An staidéar atá ar siúl maidir le deireadh a chur le hathruithe séasúracha ama** [2] 10045/26  
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

- (m) **Tograí reachtacha reatha (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**Iarratas go leanfaí den phlé ar an togra le haghaidh athbhreithniú ar an treoird maidir le hiompar traschórais**

*Faisnéis ó Mhálta*

 9877/26

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir Málta ar fáil.

- (n) **Paisinéirí fiáine: liostaí cosc ar eitilt a roinnt idir aerlínte**

*Faisnéis ón Ísiltír*

 10063/1/26 REV 1

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ísiltír ar fáil, le tacaíocht ón Eastóin, ón Ungáir agus ón bPolainn.

- (o) **Bagairtí drón ar bhonneagar agus oibríochtaí iompair shibhialta**

*Faisnéis ón Eastóin, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón bPolainn agus ón Rómáin*

 10191/26

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn agus an Rómáin ar fáil.

- (p) **Foilsíú na tuarascála meastóireachta ó Choimisiún Eitlíochta CTA**

*Faisnéis ón bhFrainc, ón tSeicia, ón bhFionlainn, ón nGréig, ó Lucsamburg agus ón bPolainn*

 10169/26

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Fhrainc, an tSeicia, an Fhionlainn, an Ghréig, Lucsamburg, agus an Pholainn ar fáil.

- (q) **Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta**  
*Faisnéis ó Éirinn*

## **CRUINNÍÚ DÉ LUAIN, AN 9 MEITHEAMH 2026**

### **TEILEACHUMARSÁID**

#### **Plé reachtach**

**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

8. **Rialachán maidir le bunú Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa**  9684/26 + ADD 1  
*Cur chuige ginearálta*

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta i ndáil leis an Rialachán maidir le Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa a bhunú mar a leagtar amach in 10346/26 + ADD 1 é.

Thíolaic an Ghearmáin agus an Spáinn ráitis, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad.

Thíolaic an Ostair, an Eastóin, Málta, an Pholainn agus an tSlóivéin ráiteas comhpháirteach, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é.

9. **Rialachán maidir le líonraí digiteacha (Gníomh um Líonraí Digiteacha)**  9685/26  
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

Thug an Chomhairle dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn.

10. **An Pacáiste Cibearshlándála**  9399/26

(a) **Rialachán maidir leis an Dara Gníomh um Chibearshlándáil (CSA2)**

(b) **Treoir lena leasaítear Treoir (AE) 2022/2555 a mhéid a bhaineann le bearta simpliúcháin agus ailíniú leis an Dara Gníomh um Chibearshlándáil**

*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

Thug an Chomhairle dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn.

#### **Gníomhaíochtaí neamhreachta**

11. **An comhar idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Teileachumarsáide Idirnáisiúnta a neartú ar mhaithe le claochlú digiteach cuimsitheach, slán agus inbhuanaithe<sup>1</sup>** 9254/26  
*Seisiún tuairimíochta*
12. **Ceannasacht theicneolaíoch riaracháin phoiblí de chuid na hEorpa** 9253/26  
*Seisiún tuairimíochta*

---

<sup>1</sup> I láthair Ard-Rúnaí an Aontais Teileachumarsáide Idirnáisiúnta (ITU).

## Aon ghnó eile

13. (a) **Tograí reachtacha reatha (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**



- (i) **Omnibus Digiteach**

9247/26  
15708/25  
15698/25

- (ii) **An Ciste Eorpach um Iomaíochas (Caibidil VI maidir le Tacaíocht don Cheannaireacht Dhigiteach)**

11770/1/25 REV 1

*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

- (b) **Straitéis Dhigiteach Idirnáisiúnta don Aontas Eorpach: Breithniú a dhéanamh Bliain Níos Deireanaí**

9880/26

*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

- (c) **Torthaí chruinniú Aireachta D9+ (Lucsamburg, an 8 Meitheamh 2026)**

9881/26

*Faisnéis ó Lucsamburg*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir Lucsamburg ar fáil.

- (d) **Cosaint mionaoiseach ar líne: Príomhphointí ó chruinniú neamhfhoirmiúil na n-Airí Teileachumarsáide (an Niocóis, an 29-30 Aibreán 2026)**

9910/26 + COR 1

*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

- (e) **Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta**

*Faisnéis ó Éirinn*



An chéad léamh



Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún



Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

**RÁITIS A GHABHANN LEIS NA MÍREANNA REACHTACHA ‘B’ A LEAGTAR AMACH**

**IN 9799/26**

**Maidir le mír 8 ar  
liosta na  
míreanna ‘B’:**

**Rialachán maidir le bunú Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa**  
*Cur chuige ginearálta*

**RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN**

‘Is díol mór sásaimh don Ghearmáin cuspóir an rialacháin atá beartaithe, is é sin, an margadh aonair digiteach a chur chun cinn a thuilleadh agus iomaíochas na hEorpa a neartú ar bhealach inbhuanaithe, agus tacaíonn sí leis an gcuspóir sin. Ba cheart an téacs comhréitigh a thíolaic Uachtaránacht na Comhairle – agus a dtacaíonn an Ghearmáin leis – a bheachtú le linn an phróisis reachtaigh bhreise lena áirithiú go mbainfear amach an leibhéal uailmhéine a bhfuiltear ag súil leis maidir le Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa a bheidh inúsáidte go forleathan agus go gcloífear le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla. I gcás na Gearmáine, tá tábhacht lárnach ag baint leis na pointí seo a leanas agus ní mór aghaidh a thabhairt orthu sa chruinniú tríthaobhach:

1. Tá sé rithabhachtach a áirithiú go gcomhlíonann soláthraithe tiachóg ceanglais slándála na bhfeidhmchlár poiblí lena mbaineann caighdeán slándála níos airde. Chuige sin, measaimid gur gá íoscheanglais aonfhoirmeacha cheangailteacha a bhunú, a d’fhéadfaí a rialáil sna gníomhartha cur chun feidhme maidir le hAirteagail 7 agus 11. Ní dócha go bhfuil sé réalaíoch a bheith ag súil gur ar na soláthraithe tiachóg amháin a bheadh an fhreagracht as gach ceanglas earnáilsonrach a chur san áireamh mar chuid de na measúnaithe riosca nach mór dóibh a dhéanamh. Ina ionad sin, ba cheart don Choimisiún an cúram sin a dhéanamh i gcomhar leis na Ballstáit. Le híoscheanglais shoiléire slándála, bhunófaí bonnlíne chomhsheasmhach uile-Aontais, thairgfí tagarmharcanna iontaofa do sholáthraithe feidhmchlár chun leibhéal slándála na dtiachóg a fhíorú agus thabharfaí critéir shoiléire do chomhlachtaí maoirseachta chun meastóireacht a dhéanamh ar fhéindearbhuithé soláthraithe tiachóg.

2. Tá comhdhearcadh ann maidir leis an tuiscint – mar a dheimhnigh Uachtaránacht na Cipire agus an Coimisiún Eorpach é – go bhfágann prionsabal na coibhéise go mbíonn comhionannas teicniúil ann idir na croífheidhmiúlachtaí de bhun Airteagal 5(1) agus a gcóibhéisí láimhe nó fisiceacha.

Dá bhrí sin, tá an tseirbhís iontaoibhe cáilithe de bhun Airteagal 3, pointe (17) de Rialachán (AE) 910/2014 le tuiscint mar an ghníomhaíocht a eascraíonn as úsáid na gcroífheidhmiúlachtaí – lena n-áirítear an síniú leictreonach cáilithe ag teacht in ionad an tsínithe lámhscríofa – ar gníomhaíocht í a mbeidh an éifeacht dhlíthiúil chéanna aici is a bheadh dá *‘ndéanfaí go dleathach [i] i bpearsa, ar pháipéar, nó ar aon mhodh nó trí aon phróiseas eile a mheasfaí a bheith i gcomhréir leis na ceanglais dlí, riaracháin nó nós imeachta is infheidhme’*.

Maidir le ceanglais nós imeachta náisiúnta éigeantacha, ceanglais tinrimh fhíor-riachtanacha, sásraí ceannasacha rialaithe choiscethigh, agus oibleagáidí comhairle, teagasc agus fíorú a sholáthar (e.g. maidir le hinniúlacht dhlíthiúil, an cumas gnó a dhéanamh, agus tuiscint), ní dhéantar difear dóibh ó thaobh a bhfeidhme cosanta de, i gcomhréir le haithris 6.

I bhfianaise an mhéid sin, áfach, measann an Ghearmáin gur gá foclaíocht leathan Airteagal 4 a chúngú. Le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla, éilítear go mbeidh rialacha beacht, soiléir agus trédhearcach le go bhféadfadh daoine a gcearta agus a n-oibleagáidí a thuiscint. Chun ilroinnt dhlíthiúil agus díospóidí leanúnacha maidir le léirmhíniú os comhair na gcúirteanna Eorpacha agus náisiúnta a sheachaint, iarrtar ar na comhreachtóirí an tuiscint réamhluaite a áireamh i dtéarmaí achtúcháin an Rialacháin, mar shampla trí theorainn a chur leis an bhfoclaíocht maidir le hionadú na gníomhaíochta ‘cóibhéise’ ábhartha..’

## RÁITEAS ÓN SPÁINN

‘Athdhearbhaíonn an Spáinn go bhfuil sí tiomanta go láidir do chlaonú digiteach an mhargaidh aonair Eorpaigh agus do na hualaí riaracháin ar ghnólachtaí a laghdú. D’ainneoin na bhforchoimeádas a leagtar amach thíos, agus de mheon cuiditheach, tacaíonn an Spáinn leis an gcur chuige ginearálta i ndáil leis an Rialachán maidir leis an Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa (TGE), agus í suite de go bhfuil céim chomhroinnte chun cinn rithábachtach do na spriocanna iomaíochais agus simpliúcháin a leagtar amach i dtuarascálacha Letta agus Draghi.

Is díol sásaimh don Spáinn an dul chun cinn suntasach a rinneadh le linn na caibidlíochta agus aithníonn sí iarrachtaí na hUachtaránachta freastal ar ábhair inní na mBallstát. Go háirithe, tugann an Spáinn dá haire na coimircí a tugadh isteach sna haithrisí agus in Airteagal 4 maidir leis an gcaidreamh idir TGE agus na bonneagair dhigiteacha náisiúnta atá ann cheana, agus measann sí gur céim fhiúntach sa treo ceart iad.

Mar sin féin, tá ábhar mór inní ag an Spáinn i gcónaí maidir le hAirteagal 16(1). Mar atá sé dréachtaithe faoi láthair, d’fhéadfaí a léirmhíniú leis an Rialachán go gceadaítear d’oibreoirí eacnamaíochta doiciméid nó sonraí a chur faoi bhráid lucht riaracháin phoiblí trí TGE fiú i gcás ina bhfuil comhéadain dhigiteacha thiomnaithe – lena n-áirítear tairseacha speisialaithe, foirmeacha gréasáin struchtúrtha, nó seirbhísí gréasáin earnáilsonracha – bunaithe cheana féin agus ina gceanglaítear go dlíthiúil iad faoin dlí náisiúnta nó faoi dhlí an Aontais. Is minic a leabaítear sna comhéadain sin rialacha bailíochtaíthe sonraí, loighic ghnó, agus comhtháthú casta córais nach féidir a sheachaint. Tá infheistíocht shuntasach déanta ag an Spáinn agus ag Ballstáit eile i mbonneagair den sórt sin i réimsí amhail riarachán cánach, slándáil shóisialta agus clárú cuideachtaí. Dá gcuirfí na córais sin faoi éiginnteacht dhlíthiúil, ní hamháin go mbeadh baol ann go gcuirfí isteach ar sheirbhísí poiblí dea-fheidhmiúla, ach i ndeireadh na dála, dhéanfaí dochar do na gnólachtaí féin arb é is aidhm don Rialachán cabhrú leo: cuideachtaí a bhíonn ag brath sa lá atá inniu ann ar bhealaí digiteacha intuatha comhtháite, bheadh an baol ann go mbeidís thíos le cur chun feidhme neamhréireach ar fud na mBallstát, agus go mbeadh ualach oibríochtúil orthu bealaí cumarsáide comhthreomhara le riaracháin phoiblí a láimhseáil. Measann an Spáinn go bhfuil sé rithábachtach nach gcuirfí úsáid leanúnach na gcomhéadan sin i mbaol.

Is oth leis an Spáinn freisin nach gcumhdaítear go sainráite le hAirteagal 2(2) na córais agus na nósanna imeachta atá ann cheana agus atá sainordaithe go dlíthiúil, lena rialaítear malartú doiciméad agus sonraí idir údaráis inniúla agus oibreoirí eacnamaíochta (B2G). Tá an clásal gan dochar atá ann faoi láthair teoranta do mhalartuithe idir údaráis inniúla (G2G), rud a fhágann go bhféadfadh éiginnteacht dhlíthiúil a bheith ann a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do bhealaí digiteacha náisiúnta seanbhunaithe. Tugann an Spáinn dá haire go bhfuil an t-ábhar inní céanna ag roinnt toscaireachtaí eile agus measann sí go neartódh leasú spriocdhírithé ar an bhforáil sin an téacs go suntasach.

Ina theannta sin, measann an Spáinn go bhfuil sé tábhachtach go dtabharfaí feidhm normatach iomlán d’eisiamh riar an cheartais ó raon feidhme an Rialacháin seo trí fhoráil sa chuid oibríochtúil den téacs, seachas a bheith ag brath ar fhoclaíocht aithrise amháin, nach bhfuil aon éifeacht dhlíthiúil cheangailteach aici.

Tá muinín ag an Spáinn go bhforbrófar na gníomhartha cur chun feidhme dá bhforáiltear faoi Airteagal 4 i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus go mbeidh siad ina ndeis fhóinteach le haghaidh a thabhairt ar na hábhair inní theicniúla agus oibríochtúla atá fós gan réiteach. Tá an Spáinn réidh chun páirt ghníomhach chuiditheach a ghlacadh sa phróiseas sin, d’fhonn a áirithiú go gcomhlánóidh TGE i ndáiríre an bonneagar digiteach atá ann cheana ar a mbíonn gnólachtaí agus riaracháin ar fud na hEorpa ag brath, seachas cur isteach ar an mbonneagar sin.’

## **RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN EASTÓIN, Ó MHÁLTA. ÓN OSTAIR, ÓN bPOLAINNN AGUS ÓN tSLÓIVÉIN**

‘Tacaímid go láidir le cuspóirí na Tiachóige le haghaidh Ghnó na hEorpa (dá ngairtear *TGE* anseo feasta), go háirithe digiteáil an Mhargaidh Aonair agus laghdú na n-ualaí riaracháin nach bhfuil gá leo ar oibreoirí eacnamaíocha. Ag an am céanna, **ba mhaith linn béim a leagan ar roinnt ábhair inní thábhachtacha ar cheart iad a léiriú go cuí i gcreat TGE:**

- Ba cheart a áirithiú go soiléir leis an Rialachán nach ndéanfar dúbláil le TGE ar réitigh dhigiteacha náisiúnta agus Aontais atá ann cheana agus nach dtiocfaidh sé in ionad na réiteach sin ná nach mbainfidh sé an bonn díobh. Ba cheart córais sheanbhunaithe chun sonraí agus doiciméid a mhalartú, lena n-áirítear na córais sin a úsáidtear idir údaráis inniúla agus oibreoirí eacnamaíocha, a bheith inúsáidte go hiomlán i gcónaí.
- Ba cheart léiriú soiléir ar bhreisluach a bheith mar threoir ag cur chun feidhme fheidhmiúlachtaí TGE agus níor cheart feidhm a bheith aige ach amháin i gcás inarb iomchuí, agus éagsúlacht, castacht agus ceanglais shonracha na nósanna imeachta riaracháin ar fud na mBallstát á gcur san áireamh.
- Ba cheart leanúint de na ceanglais dhlíthiúla, na bonneagair agus na córais theicniúla atá ann cheana, lena n-áirítear réitigh dhigiteacha earnáilsonracha atá i bhfeidhm cheana, a urramú agus ba cheart dóibh a bheith a bheith go hiomlán oibríochtúil i gcónaí.
- Níor cheart do TGE ualaí díreireacha riaracháin ná airgeadais a chruthú, go háirithe do FBManna agus do riaracháin phoiblí. Ba cheart go mbainfí tairbhí soiléire lena húsáid agus níor cheart, sa chleachtas, go mbeifí ag brath ar sheirbhísí idirghabhálacha i gcás ina bhfuil seirbhísí digiteacha poiblí éifeachtúla ann cheana féin.
- Ar deireadh, beidh idir-inoibritheacht, caighdeáin theicniúla shoiléire agus dlúthchomhar leis na Ballstáit agus gníomhartha cur chun feidhme á n-ullmhú rithábhachtach chun cur chun feidhme rianúil agus praiticiúil TGE a áirithiú.

Le réiteach cothrom inoibrithe, ba cheart tairbhí nithiúla a chur ar fáil do ghnólachtaí agus na héiceachórais dhigiteacha náisiúnta agus Eorpacha atá ann cheana á n-urramú ag an am céanna.’

# **RÁITIS A GHABHANN LEIS NA MÍREANNA REACHTACHA ‘A’ A LEAGTAR AMACH**

**IN 9906/26**

**Maidir le mír 1 ar  
liosta na míreanna  
‘A’:**

**Athbhreithniú ar an Rialachán maidir le scagadh infheistíochtaí  
coigríche  
*Glacadh an ghnímh reachtaigh***

## **RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOIMISIÚN**

**maidir leis an ngá atá le tuilleadh gníomhaíochta maidir le hinfheistíochtaí coigríche agus  
slándáil eacnamaíoch**

‘Aontaíonn Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún gur gá don Aontas leanúint de bheith ina áit tharraingteach chun gnó a dhéanamh, lena n-áiríteofar go rannchuideoidh infheistíochtaí coigríche, go háirithe in earnálacha straitéiseacha, leis an bhfás eacnamaíoch agus leis an iomaíochas. Aithníonn an dá institiúid, áfach, go bhfuil an baol ann go gcruthóidh infheistíochtaí áirithe spleáchais straitéiseacha agus go mbainfidh siad an bonn d’athléimneacht an mhargaidh inmheánaigh. Tá an baol ann go lagóidh na forbairtí sin slándáil eacnamaíoch an Aontais agus d’fhéadfaidís an bonn a bhaint de bhuntáiste teicneolaíoch, d’athléimneacht eacnamaíoch agus d’acmhainneacht an Aontais poist a chruthú. I bhfianaise an mhéid sin, measann an dá institiúid gur tosaíocht é measúnú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht bhreise is gá agus í a dhéanamh ar leibhéal an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus chun slándáil eacnamaíoch an Aontais a chosaint chun a áirithiú nach méadóidh infheistíochtaí coigríche san Aontas spleáchais straitéiseacha ná bearnaí teicneolaíochta. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún tionscnamh a ghlacadh chun coinníollacha spriocdhírthe a leagan amach le haghaidh infheistíochtaí coigríche isteach in earnálacha straitéiseacha arna sainaithint go cúramach, i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais, d’fhonn borradh a chur faoi iomaíochas thionscal an Aontais agus aghaidh a thabhairt ar na rioscaí thuasluaite. Aithníonn Parlaimint na hEorpa an tiomantas sin agus tá sí réidh a ról mar chomhreachtóir a fheidhmiú go hiomlán agus aon togra den sórt sin a mheas go tráthúil.’

**Maidir le mír 2 ar  
liosta na míreanna  
'A':**

**Rialachán lena dtugtar aghaidh ar éifeachtaí na ró-acmhainneachta domhanda ar mhargadh cruach an Aontais**  
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA, ÓN gCOMHAIRLE AGUS ÓN gCOIMISIÚN maidir le hallmhairiú táirgí cruach ón Rúis**

‘Ó thús an chogaidh, tá bearta nach bhfacthas a leithéid riamh cheana déanta ag an Aontas agus a Bhallstáit chun spleáchais eacnamaíocha ar an Rúis a laghdú agus chun oibriú chun a áirithiú nach rannchuideoidh gníomhaíocht eacnamaíoch an Aontais le hiarracht chogaidh na Rúise a choinneáil ar bun.

Leis na bearta sin, laghdaíodh go mór sreafaí trádála thar raon leathan earnálacha, lena n-áirítear cruach, cuireadh dlús leis an dichúpláil agus cuireadh le hathléimneacht an Aontais, agus léiríodh ag an am céanna cumas an Aontais gníomhú ar bhealach aontaithe cinntitheach nuair a bhíonn a luachanna agus a leasanna straitéiseacha i mbaol.

Ag an am céanna, ní mór don Aontas a bheith airdeallach i gcónaí ar na réimsí sin ina bhfuil spleáchais fós ann go háirithe maidir le táirgí cruach áirithe nach bhfuil toirmeasc iomlán ar a n-allmhairiú go fóill.

Go háirithe, déantar roinnt teoranta allmhairí de thionscnamh na Rúise san earnáil cruach go dtí an 30 Meán Fómhair 2028, i gcomhréir leis na socruithe idirthréimhseacha a leagtar síos sna bearta sriantacha ábhartha arna nglacadh ag an gComhairle.<sup>1</sup> Chun éagsúlú forchéimnitheach agus seasta a áirithiú, cuirtear uasteorainn leis na hallmhairí sin le cuótaí agus laghdaítear méideanna gach bliain.

Agus an creat institiúideach is infheidhme maidir le bearta sriantacha á mheabhrú acu, cuireann Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach i bhfios go láidir go bhfuil na bearta sriantacha ábhartha a ghlac an Chomhairle ina mbonn taca faoi chonair i dtreo deireadh iomlán a chur de réir a chéile leis na hallmhairí táirgí cruach ón Rúis a dhéantar go fóill, go háirithe leaca cruach, faoin 30 Meán Fómhair 2028.’

---

<sup>1</sup> **Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine, agus Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine.**

## RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN EASTÓIN, ÓN LAITVIA AGUS ÓN LIOTUÁIN

‘Ba mhaith leis an Eastóin, an Laitvia agus an Liotuáin a chur in iúl gur cúis imní dóibh nach meastar sa Rialachán ar bhealach leordhóthanach leasanna na dtíortha is iarrthóirí ar aontachas a bhfuil staid slándála eisceachtúil phráinneach rompu, mar shampla an Úcráin. Ba cheart an Úcráin a dhíolmhú ó raon feidhme an Rialacháin, i gcomhréir leis an gcoimirce reatha maidir le cruach, mar a shonraítear i Rialachán Uimh. 2025/1153 é, lena gcuirtear ar fionraí forálacha áirithe a mhéid a bhaineann le hallmhairiú táirgí ón Úcráin isteach san Aontas. Is den tábhacht an staid san Úcráin a chur san áireamh agus cuótaí tírshonracha á leithdháileadh, anois agus sa phróiseas athbhreithnithe a dhéanfar ar an Rialachán amach anseo.

Is foinse suntasach don Úcráin é an tionscal iarainn agus cruach – trí rochtain ar mhargaí an Aontais a chaomhnú, cuidítear le bonn tionsclaíoch na hÚcráine a chothú agus cogadh ar bun. Tá geilleagar na hÚcráine thíos go mór leis an gcogadh: tá scrios, dochar nó forghabháil déanta ar go leor saoráidí táirgthe cruach scriosta, ach tá an earnáil rithábachtach i gcónaí chun gníomhaíocht eacnamaíoch a choinneáil ar bun, poist a chaomhnú, agus a áirithiú go mbeidh an Úcráin in ann atógáil agus lánpháirtiú a dhéanamh i ngeilleagar na hEorpa amach anseo. Trí thacú leis an Úcráin anois, cuidíonn an tAontas le cosaint a thabhairt do chumas na hÚcráine, ní hamháin earraí a sholáthar, ach freisin chun a bonneagar a atógáil, fostaíocht a chothú, agus ollchliseadh eacnamaíoch nó olliomarcaíocht a sheachaint.

Nuair a tugadh isteach an chéad díolúine in 2022, ba é ab aidhm di ‘líne tharrthála’ a chur ar fáil do gheilleagar a bhí ag crapadh go mór: faoi dhálaí cogaidh, tháinig laghdú suntasach ar gheilleagar na hÚcráine, agus cuireadh isteach ar bhealaí onnmhairiúcháin traidisiúnta. I mí an Mheithimh 2025, chuir an tAontas síneadh 3 bliana eile le fionraí na mbeart coimirce maidir le cruach agus iarann na hÚcráine – rud a d’athdhearbhaigh an gá a bhí le tacaíocht leanúnach.

Le comhtháthú níos dlúithe a dhéanamh idir an Úcráin agus margadh inmheánach an Aontais – fiú trí shocruithe fabhracha – fónar do leasanna straitéiseacha fadtéarmacha an Aontais. Neartaíonn sé naisc eacnamaíocha, ceanglaíonn sé an Úcráin ar bhealach níos daingne le líonraí trádála agus slabhraí soláthair na hEorpa, agus laghdaíonn sé spleáchas na hÚcráine ar mhargaí nach margaí de chuid an Aontais iad. Cuireann an méid sin ar fad go díreach le hiarrachtaí na hEorpa maidir le cobhsaíocht, atógáil agus comhtháthú fadtéarmach polaitiúil, eacnamaíoch agus slándála na hÚcráine san Aontas.

Ní comhartha dea-thola amháin atá i gceist le lamháltais a dheonú don Úcráin – go háirithe taraifi agus bearta coimirce a chur ar fionraí ar phríomhallmhairí ar nós cruach – ach cinneadh eacnamaíoch atá fóna ó thaobh straitéise de don Aontas sa chomhthéacs geopholaitiúil reatha. Cuidíonn sé le geilleagar na hÚcráine a choinneáil inmharthana agus cogadh ar bun; príomhacmhainneacht thionsclaíoch a choinneáil ar bun; comhtháthú eacnamaíoch níos doimhne a chothú; an atógáil a éascú agus tugann sé teachtaireacht pholaitiúil láidir aonchiallach maidir le tacaíocht agus dlúthpháirtíocht na hEorpa.’

## **RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN DANMHAIRG, ÓN EASTÓIN, ÓN LAITVIA, ÓN LIOTUÁIN, ÓN bhFIONLAINN agus ÓN tSUALAINN**

‘Is den tábhacht don Eoraip an tionscal cruach. Is cuid thábhachtach é de luachshlabhraí lárnacha agus d’athléimneacht an Aontais. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, dálaí a chruthú chun go leanfaidh tionscal cruach na hEorpa de bheith iomaíoch, go háirithe i bhfianaise na ndúshlán a bhaineann le ró-acmhainneacht dhomhanda.

Ag an am céanna, tá sé tábhachtach a áirithiú nach ndéanfaidh an rialachán difear míchuí d’iomaíochas na dtionscal úsáideora iartheachtach. D’fhorbair an togra ar bhealach níos cothroime a mhéid a bhaineann le leas na dtionscal táirgeora agus úsáideora iartheachtach araon a mheas, cé gurbh fhearr tuilleadh forbartha a dhéanamh sa treo sin. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí go ndéanfar tuilleadh machnaimh, agus an beart á chur chun feidhme, agus maidir leis na hathbhreithnithe a dhéanfar amach anseo, ar a thábhachtaí atá sé an chothromaíocht sin a bhaint amach ar bhealach fianaisebhunaithe.

Ar an drochuair, beidh éifeachtaí diúltacha ag an mbeart ar ár gcomhpháirtithe saorthrádála freisin. Dá bhrí sin, tá an rannpháirtíocht chuiditheach ríthábhachtach, agus é d’aidhm aici teacht ar réitigh a bheidh inghlactha go frithpháirteach. Tá sé tábhachtach go léireofar staid na hÚcráine go cuí i leithdháileadh na gcútaí tírshonracha. Is díol sásaimh é an Ráiteas Comhpháirteach maidir le hallmhairí táirgí cruach ón Rúis, agus tá sé tábhachtach a áirithiú go gcomhlíonfar cuspóirí an dearbhaithe.’

**Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna ‘A’:**

**Treoir lena leasaítear Treoir 2012/29/AE a mhéid a bhaineann le cearta íospartach**  
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

## **RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

‘Measann an Ungáir go bhfuil sé fíorthábhachtach go mbeadh inniúlachtaí á roinnt go soiléir idir an tAontas Eorpach agus na Ballstáit mar a leagtar síos sna Conarthaí. Tá prionsabal na tabhartha, mar a chumhdaítear in Airteagal 5 CAE é, fós mar bhunchloch i ndlíchóras an Aontais agus ní mór an prionsabal sin a urramú go hiomlán sna gníomhartha reachtacha agus neamhreachtacha araon. Cuireann an Ungáir i bhfios go láidir nach féidir aon ní atá sa Treoir seo a léirmhíniú mar ní lena mbunófaí fasach a dhéanfadh difear do leithdháileadh na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit thar an méid a tugadh don Aontas Eorpach leis na Conarthaí, ná ní féidir, le haon ní atá sa Treoir, réamhbhreith a dhéanamh ar an measúnú ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil inniúlacht ag an Aontas gníomhú i réimse faoi leith. Ní mór leithdháileadh na n-inniúlachtaí a chinneadh go docht i gcónaí ar bhonn na gConarthaí. Ní bheadh sé inghlactha aon léirmhíniú a dhéanamh ar an Treoir seo a thabharfadh le fios go bhfuil inniúlachtaí an Aontais le leathnú thar an méid a thugann na Ballstáit dó sna Conarthaí.

Meabhraímid go n-aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus go gcuireann sí an comhionannas sin chun cinn, i gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire, leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, agus leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta. Is mar luach bunúsach agus mar cheart bunúsach a chumhdaítear an comhionannas idir mná agus fir i gConarthaí an Aontais Eorpaigh agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Thairis sin, in Airteagail 10 agus 19 CFAE, le hais Airteagal 21 den Chairt, sainítear, *inter alia*, ‘gnéas’ mar fhoras sonrach idirdhealaithe, agus tá toirmeasc ar an idirdhealú sin. I gcomhréir leis na hairteagail sin agus lena reachtaíocht náisiúnta féin, is mar thagairt do ‘gnéas’ a léiríonn an Ungáir an coincheap ‘inscne’ sa Treoir seo.’

## RÁITEAS ÓN IODÁIL

‘Is faoi inniúlacht eisiach na mBallstát a thagann ‘stádas agus inniúlacht dhlíthiúil daoine’, agus dá bhrí sin, níl inniúlacht reachtach ar bith ag an Aontas Eorpach sa réimse sin (Airteagal 5 CAE). Is faoi inniúlacht eisiach na hIodáile, dá bhrí sin, a thagann coincheap ‘inscne’ duine: ní fhéadfaidh an tAontas é a shainiú ná a rialáil. Dá bhrí sin, is i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, faoina ndéantar idirdhealú idir na hinscní ar bhonn inscne bhitheolaíoch (fireann nó baineann), a léirmhíneofar an coincheap ‘féiniúlacht inscne’ mar aon leis an gceart comhfhreagrach chun féiniúlachta.

Ar na cúiseanna céanna, is i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, mar ‘ idirdhealú iomadúil’ a léirmhíneofar an téarma ‘idirdhealú trasnach’.

Aithnítear i reachtaíocht na hIodáile go bhféadfadh mná rochtain a bheith acu ar fhoirceannadh toirchis. Dá bhrí sin, an tsaincheist a bhfuil aghaidh á tabhairt uirthi sa ráiteas seo, is ceist ‘nós imeachta’ seachas ceist ‘substainte’ í. Is faoi inniúlacht eisiach na mBallstát a thagann an t-ábhar sin. Dá bhrí sin, ós rud é nach bhfuil inniúlacht ar bith ag an Aontas sa réimse seo agus nach bhfuil aon bhunús dlí leis an tagairt sin, is oth leis an Iodáil gur áiríodh i ngníomh reachtach de chuid an Aontais í.’

## RÁITEAS Ó MHÁLTA

‘Is díol sásaimh do Mhálta na hiarrachtaí uile lena neartaítear a thuilleadh cearta na n-íospartach. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh do Mhálta ar an mórgóir an pacáiste comhréitigh. Mar sin féin, seasann Málta leis an agóid a rinne sí i gcoinne na tagartha don ghinmhilleadh atá sna haithrisí.

Leis an tagairt don ghinmhilleadh, baintear an bonn d’inniúlacht náisiúnta na mBallstát maidir le cúram sláinte agus maidir lena gcórais náisiúnta cúraim sláinte faoi seach, agus is glansárú amach agus amach ar phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta an dul thar cailc sin.

Ina theannta sin, níor aontaigh na comhreachtóirí go mbeadh forálacha oibríochtúla ann ina mbeadh cur síos ar chóireálacha sonracha d’íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh, lena n-áirítear an ginmhilleadh ach gan a bheith teoranta don ghinmhilleadh.

Is é is cuspóir a bhíonn ag na haithrisí na cúiseanna atá le príomhfhorálacha na dtéarmaí achtacháin a leagan amach go gonta<sup>2</sup>. Dá bhrí sin, an tagairt atá san aithris, is amhlaidh atá tá sí ceaptha comhlánú a dhéanamh ar an léirmhíniú ar an bhforáil ábhartha maidir le rochtain ar chearta gnéis agus atáirgthe, agus bonn eolais a chur faoin léirmhíniú sin.

Is sna haithrisí a chaithfidh na hinstitiúidí a léiriú gur ghníomhaigh siad laistigh de theorainneacha a n-inniúlachtaí, nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na gníomhaíochta atá beartaithe a bhaint amach go leordhóthanach agus nach dtéann gníomhaíocht an Aontais thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí na gConarthaí a bhaint amach. Dá bhrí sin, tá na haithrisí rithabhachtach chun go mbeadh gníomh bailí. Tá an méid seo deimhnithe arís agus arís eile go comhsheasmhach ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, ní shásaíonn an aithris atá i gceist tástáil Airteagal 296 CFAE.

D’fhéadfadh fasach a eascairt as seo dá molfáí go mbeadh na Ballstáit faoi réir measúnú ón gCoimisiún ar chur chun feidhme na bhforálacha dlíthiúla náisiúnta ábhartha a dtugtar rochtain go dlíthiúil iontu ar an gceart chun ginmhille.

Staonfaidh Málta, dá bhrí sin, ainneoin go gcoisctear go huile agus go hiomlán, de bhua Phrótacal Uimh. 7 den Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht Mhálta<sup>3</sup>, aon oibleagáid a chur ar an tír reachtaíocht an Aontais maidir le ginmhilleadh a thrasú agus a chur chun feidhme.’

<sup>2</sup> Treoirlíne 10 den Treoirleabhar Comhchleachtais ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún dóibh siúd atá rannpháirteach i ndrúachtú reachtaíocht an Aontais Eorpaigh.

<sup>3</sup> [https://eur-lex.europa.eu/eli/treaty/acc\\_2003/act\\_1/pro\\_7/sign/eng](https://eur-lex.europa.eu/eli/treaty/acc_2003/act_1/pro_7/sign/eng)

## RÁITEAS ÓN tSLÓVAIC

‘Tugann Poblacht na Slóvaice dá haire téacs comhréitigh deiridh na Treorach lena leasaítear Treoir 2012/29/AE lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta.

Tá Poblacht na Slóvaice lántiomanta i gcónaí cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta a neartú agus gach cineál foréigin agus idirdhealaithe a chomhrac. I ndáil leis an méid sin, is mian le Poblacht na Slóvaice a seasamh a mheabhrú maidir leis an téarma ‘féiniúlacht inscne’ a áireamh in Airteagail 22 agus 23 den Treoir.

Le hAirteagal 12 de Bhunreacht Phoblacht na Slóvaice toirmiscear an t-idirdhealú agus ráthaítear cearta comhionanna do gach duine. Cé go bhfuil Poblacht na Slóvaice lántiomanta do chosaint na n-íospartach uile gan idirdhealú, ní mheasann sí gur gá aird faoi leith a thabhairt ar an gcoincheap ‘féiniúlacht inscne’ ná béim faoi leith a chur air ann féin, ós rud é go bhfuil a comhionann d’fheidhm ag an gcosaint a thugtar leis an Treoir maidir le gach íospartach.

Meabhraíonn Poblacht na Slóvaice freisin, go n-aithnítear i gcreat bunreachtúil na Slóvaice, de bhun Airteagal 52a de Bhunreacht Phoblacht na Slóvaice (Gníomh Bunreachtúil Uimh. 255/2025 Coll.), gnéas fir agus mná arna chinneadh go bitheolaíoch. Ag eascairt as na leasuithe bunreachtúla a glacadh in 2025, aithnítear i ndlíchóras na Slóvaice gurb é an réaltacht bhitheolaíoch oibiachtúil an t-aon toisc chinntitheach atá ann don chatagóiriú dlíthiúil ar leibhéal an stáit. Meabhraíonn Poblacht na Slóvaice nach mbunaítear leis an Treoir seo sainmhíniú neamhspleách ar an gcoincheap sin faoi dhlí an Aontais agus gur laistigh d’inniúlachtaí na mBallstát fós a thagann cur chun feidhme na treorach. Dá bhrí sin, is i gcomhréir le hord bunreachtúil agus reachtaíocht náisiúnta Phoblacht na Slóvaice a dhéanfar an téarma ‘féiniúlacht inscne’ a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm.

Thairis sin, maidir le haithris 13 agus an tagairt do sheirbhísí cúraim sláinte gnéis agus atáirgthe, meabhraíonn Poblacht na Slóvaice nach bhfuil inniúlacht ghinearálta ag an Aontas Eorpach i réimse an bheartais cúraim sláinte. I gcomhréir le hAirteagal 168(7) CFAE, is ar na Ballstáit fós atá an fhreagracht beartas sláinte a shainiú agus seirbhísí sláinte agus cúram leighis a eagrú agus a sholáthar.

Dá bhrí sin, tuigtear do Phoblacht na Slóvaice go n-urramaíonn forálacha ábhartha na Treorach seo inniúlachtaí na mBallstát go hiomlán agus nach gcruthaíonn siad aon oibleagáidí nua thar na hoibleagáidí dá bhforáiltear faoi na Conarthaí agus faoi na creataí bunreachtúla náisiúnta. I bhfianaise an mhéid thuas, staonfaidh Poblacht na Slóvaice ón vótáil agus leanfaidh sí de bheith tiomanta do chosaint chearta na n-íospartach.’

## RÁITEAS ÓN bPORTAINGÉIL

‘Is díol sásaimh don Phortaingéil na hiarrachtaí uile lena neartaítear a thuilleadh cearta na n-íospartach. I ndáil leis an méid sin, tacaíonn an Phortaingéil ar an mórgóir leis an bpacáiste comhréitigh.

Mar sin féin, seasann an Phortaingéil leis an agóid a rinne sí i gcoinne na tagartha don ghinmhilleadh atá sna haithrisí. Déantar foghail, le tagairt mar sin, ar inniúlacht náisiúnta na mBallstát agus is sárú í, atá contrártha le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta.

Ina theannta sin, níor aontaigh na comhreachtóirí go mbeadh forálacha oibríochtúla ann ina mbeadh cur síos ar chóireálacha sonracha d’íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh, lena n-áirítear an ginmhilleadh ach gan a bheith teoranta don ghinmhilleadh. Foráiltear le Treoirlíne 10 den Treoir Phraiticiúil Chomhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún do dhaoine a bhfuil baint acu le Reachtaíocht an Aontais Eorpaigh a dhréachtú gurb é *is cuspóir leis na haithrisí sin cúiseanna gonta a leagan amach do phríomhfhorálacha na dtéarmaí achtacháin ach gan iad a atáirgeadh ná a athinsint*. Níor cheart forálacha nach bhfuil normatach, amhail mianta nó dearbhuithe polaitiúla, a áireamh sna haithrisí ach oiread.

Is éard atá sna haithrisí an roinn i ngníomh dlí nach mór do na hinstitiúidí a chruthú gur ghníomhaigh siad laistigh de raon feidhme a n-inniúlachtaí, nach féidir leis na Ballstáit na cuspóirí atá á saothrú a bhaint amach go leordhóthanach astu féin, agus go mbeidh an ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais teoranta don mhéid is gá chun cuspóirí na gConarthaí a chomhlíonadh. Sa chomhthéacs sin, bunaítear fasach neamh-inmhianaithe gan údar trí thagairt mar sin a áireamh in aithris 13.’